


**Rang 1 & Rang 2**
**Eolaíocht**

# Droichid

**Beimid inár n-innealtóirí inniu! Bíonn droichid, innealra, foirgnimh nó struchtúir á ndearadh ag innealtóirí.**

Ní mór rudaí a phleanáil amach sula dtógfar iad. Is féidir do shamhlaíocht a úsáid chun rud ar bith a thógáil ach tá sé tábhachtach go mbeidh plean agat ionas go mbeidh sé in ann feidhmiú i gceart!



# Ceisteanna na nDroichead

**Tá go leor cineálacha difriúla droichid ann, luaitear roinnt samplaí thíos.**



**Trus.** Droichead ina bhfuil sraith triantán admhad nó miotal ar a dtugtar trusanna. Tugann cruth triantánach na dtrusanna neart don droichead.

**Áirse.** Dearadh ársa é seo atá in úsáid leis na mílte bliain. Bíonn an droichead lúbtha mar áirse.

**Droichead Bíoma.** An cineál droichid is sine agus is simplí. Droichead bíoma é píosa adhmaid thar sruthán. Is féidir le tacaíochtaí ar a dtugtar piaraí dhá cheann an droichid a choinneáil in airde.

**Droichead Croctha.** Is féidir leo seo a bheith níos faide ná droichead ar bith eile. Bíonn an droichead ag crochadh ar cháblaí láidre ar a dtugtar cáblaí. Crochann na cáblaí idir túir.


**Droichead Staghchablaí.** Úsáidtear cáblaí leo seo chomh maith, ach síneann na cáblaí idir an túr agus an bóthar i línte díreacha trasnánacha. Níl gá ach le túr amháin.

# Dear agus Tóg Droichead

**Struchthúir thábhachtacha iad droichid, go háirithe in Éirinn.** Tá go leor aibhneacha againn as caithfear iad a thrasnú go slán. Ní foláir go mbeidh go leor tacaíochta ag droiched chun ualaigh throma amhail leoraithe a iompar.

**Ag teastáil:** Bloic nó leabhair, páipéar, agus roinnt meáchain le triail a bhaint as do dhroichead. Dhéanfadh cairr bhréagacha, bréagáin bheaga nó boinn cúis.


**01** Tógaimis droichead simplí trí leathnach a leagadh anuas ar leabhair. Ach féach nuair a chuirfidh tú meáchan air. Titfidh sé bonn láithreach!





# Dear agus Tóg Droichead

**02** Ní mór dúinn tosú arís! Cuir bileog eile leis an páipéar agus fill an dá thaobh, tabharfaidh seo neart breise dó agus iomprófar an meáchan an uair seo! Coinnigh ort ag cur leis go dtitfidh sé arís agus déan nóta den mheáchan a bhí ag teastáil.





**03** Bain triail as cineálacha difriúla droichid. Úsáidtear áirsí go minic i ndroichid na hÉireann ach an mbeidh sé níos láidre ná an chéad droichead a bhí againn? Déan aithris ar an dearadh thíos agus faigh amach. Fill an leathnach go mbeidh cuma /\/\/\/\/\/\ air. Tugann an cruth triantánach neart dó!

# Dear agus Tóg Droichead

Leag an páipéar fillte ar na leabhair, mar atá léirithe thíos.

Anois cuir bileog ar a bharr. An gcuimhin nuair a d'úsáideamar leathnach amháin an uair faoi dheireadh agus thit sé? Féach mar a tharlaíonn anois!




Tabhair faoi deara an méachan ar féidir leis a iompar. Cén droichead is fearr? Bain triail as do dhearadh féin, agus úsáid na modhanna éagsúla chun an ceann is fearr a aimsiú, cosúil le hinnealtóir ceart! Fiosraíonn innealtóirí céard a fheidhmíonn agus cuireann siad a smaointe in oiriúint dó sin!



# Ceisteanna na nDroichead

**An féidir gach droichead thíos a ainmniú ón liosta thuas? Freagraí ag bun an leathanaigh.**

**1.** ______________________________



**2.** ______________________________




# Ceisteanna na nDroichead

**An féidir gach droichead thíos a ainmniú ón liosta thuas? Freagraí ag bun an leathanaigh.**

**3.** ______________________________



**4.** ______________________________



# Ceisteanna na nDroichead

**An féidir gach droichead thíos a ainmniú ón liosta thuas? Freagraí ag bun an leathanaigh.**

**5.** ______________________________



**Freagraí: Ceisteanna na nDroichead** 1) Droichead Crotha. Tá an ceann cáiliúil seo i San Francisco. 2) Trus 3) Áirse 4) Droichead Bíoma 5)Droichead Staghchablaí. Seo é Droichead Samuel Beckett i mBaile Átha Cliath.

Breis ábhair ar fáil gach lá ar RTÉ Home School Hub, ar RTÉ 2, RTÉ Player agus rte.ie/learn.